**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi leachtanna**

**Fíric a hAon**

Bíonn leachtanna ag sreabhadh go saor. Is féidir le leachtanna dul in oiriúint do chruth coimeádáin ina mbíonn siad de bhrí go mbíonn siad ag sreabhadh go saor. Tá toirt sheasta ag leachtanna ach níl cruth seasta acu. Tá i bhfad níos mó saoirse ag móilíní i leacht chun gluaiseacht thart ná mar atá ag solad.

**Fíric a Dó**

Ní féidir linn maireachtáil gan leachtanna. Is leacht é an t-uisce agus ní féidir linn maireachtáil gan uisce. Tá hiodráitiú riachtanach chun maireachtáil. Dá stopfaimis ag ól uisce bheimis díhiodráitithe. Tá díhiodráitiú an-dáiríre agus má leanann na siomptóim ar aghaidh d'fhéadfadh fadhbanna a mbaineann baol báis leo tarlú, cosúil le cliseadh duánach. Is í an uastréimhse is féidir le duine maireachtáil gan uisce níos lú ná seachtain amháin nó d'fhéadfadh sí a bheith chomh gearr le dhá lá, ag brath ar an timpeallacht. Tá uisce níos riachtanaí don chorp ná mar atá bia**.**

**Fíric a Trí**

Tá reophointí agus fiuchphointí difriúla ag leachtanna difriúla ag brath ar na fórsaí difriúla idir móilíní. Tá fórsaí níos láidre ag roinnt móilíní leachtacha a choinníonn móilíní le chéile i gcomparáid le cineálacha eile móilíní. Dá throime na cáithníní sa leacht, agus dá láidre an nascadh, is ea is airde an fiuchphointe. Tá fiuchphointe uisce cothrom le 100°C, agus tá fiuchphointe héiliam leachtach cothrom le -268.95°C. Ciallaíonn an reophointe an teocht ag a n-éiríonn leacht soladach. Tá reophointe uisce cothrom le 0°C, agus tá reophointe Nítrigine leachtaí cothrom le -210°C.

**Fíric a Ceathair**

Ní féidir formhór leachtanna a chomhbhrú. Ní féidir leachtanna a chomhbhrú de bhrí go bhfuil toirt sheasta acu. Bheadh go leor brú ag teastáil chun leacht a chomhbhrú agus sin an chúis a ndeirtear go bhfuil leacht do-chomhbhrúite. Nuair a chomhbhrúnn tú leacht, méadaíonn a shlaodacht de réir mar a mhéadaíonn a dhlús. Ciallaíonn slaodacht frithsheasmhacht sreabhaidh an leachta, nó raimhre leachta. Is leacht le níos lú raimhre é uisce agus is leacht le raimhre an-tiubh é mil.

**Fíric a Cúig**

Tá dhá chineál leachtanna ann: meascán leachtanna agus leachtanna íona. Is leachtanna a fhiuchann ag teocht atá beagnach seasta iad leachtanna íona. Is samplaí de leachtanna íona iad uisce, eatánól agus mearcair. Is ionann meascán leachtanna agus dhá leacht nó níos mó, measctha le chéile. D'fhéadfadh raimhre na leachtanna sin a bheith difriúil. Sampla de mheascán leachtanna difriúla é uisce agus ola. Is féidir leachtanna a scaradh ó sholaid trí ghalú agus scagachán.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi leachtanna. Feicfidh mé arís sibh.